Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2018**
**(OR. en)**

**11226/18**

**DAPIX 237**
**CRIMORG 102**
**ENFOPOL 387**
**ENFOCUSTOM 159**
**JAI 781**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Iúil 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10548/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle<br>- An mheastóireacht a rinneadh ar Éirinn maidir le malartú uathoibríoch sonraí dachtalascópacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle ag an 3632ú cruinniú dá cuid ar an 16 Iúil 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí,**

**atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle**

**An mheastóireacht a rinneadh ar Éirinn maidir le malartú uathoibríoch sonraí dachtalascópacha**

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí a leagtar amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil faoi cibé ar comhlíonadh an coinníoll sin nó nár comhlíonadh. Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear sa Chinneadh de bhun "Conradh Prüm" (2005).

2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, ní mór an fíorú go bhfuil an coinníoll thuasluaite comhlíonta a dhéanamh ar bhonn tuarascáil mheastóireachta bunaithe ar cheistneoir. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, ní mór don tuarascáil mheastóireachta a bheith bunaithe, freisin, ar chuairt mheastóireachta agus ar thriail phíolótach.

3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh Meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe uathoibríocha sonraí agus ní mór don Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a chreideann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.

4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le malartú sonraí dachtalascópacha comhlánaithe ag Éirinn. Chuir Éire treoirthionscadal rathúil i gcrích in éineacht leis an Ostair. Tugadh cuairt mheastóireachta ar Éirinn agus d'ullmhaigh foireann meastóireachta na hOstaire tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta agus chuir sí ar aghaidh chuig Meitheal ábhartha na Comhairle í (7495/18 DAPIX 72 CRIMORG 33 ENFOPOL 139 ENFOCUSTOM 61 JAI 304).

5. Tíolacadh tuarascáil meastóireachta foriomláine don Chomhairle ina ndéantar achoimre ar thorthaí an cheistneora, na cuairte meastóireachta agus na trialach píolótaí maidir le malartú sonraí dachtalascópacha (7496/1/18 REV 1 DAPIX 73 CRIMORG 34 ENFOPOL 140 ENFOCUSTOM 62 JAI 305).

6. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí (DAPIX) ar an 25 Meitheamh 2018, admhaíodh go bhfuil gach Ballstát atá faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB den bharúil go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag Éirinn.

7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag Éirinn.